



Folúntas: Clár Reachtaire Raidió na Life

Tá **Clár Reachtaire** le ceapadh ag Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta ('Raidió na Life'). Post ar chonradh bliana atá sa phost seo, atá maoinithe ag Foras na Gaeilge. Tá féidearthacht ann go gcuirfead leis an tréimhse fostaíochta nuair atá an conradh bliana críochnaithe. Fáilteofar roimh iarratais trí ríomhphost chuig bainisteoir@raidionalife.ie faoi **29 Aibreán 2019**. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta seo.

Stáisiún raidió pobail bríomhar lán-Ghaeilge atá ag craoladh i mórcheantar Átha Cliath is ea Raidió na Life (RnaL). Faigheann an stáisiún maoiniú ó Fhoras na Gaeilge faoina Scéim Raidió Pobail chun seirbhís raidió pobail trí Ghaeilge a sholáthar i mBaile Átha Cliath. Tá conradh craolacháin ag an stáisiún le hÚdarás Craolacháin na hÉireann (BAI). Craolann sé ar 106.4FM & ar www.raidionalife.ie

Tá Raidió na Life ag iarraidh duine uaimhianach, éirimiúil agus fuinniúil a cheapadh mar **Chlár Reachtaire**. Post lánaimseartha ar chonradh bliana atá sa phost dúshlánach agus spreagúil seo, le féidearthacht go gcuirfí leis an tréimhse fostaíochta ina dhiaidh sin.

Próifíl an Phoist:

Beidh an Clár Reachtaire freagrach do Bhainisteoir Stáisiún Raidió na Life. Beidh sé/sí freagrach as **taighde & léiriú ar chlár chainte** Raidió na Life, go háirithe aschur **chúrsaí reatha** an stáisiúin.

Cinntoidh an Clár Reachtaire go gcomhlíonann clár chainte & cúrsaí reatha an stáisiúin na dualgais a leagtar ar RnaL ina chonradh craolacháin leis an mBAI, ina measc, dhá uair a' chloig, ar a laghad, d'aschur cúrsaí reatha in aghaidh an lae.

Beidh sé/sí freagrach as craoltaí seachtracha áirithe a chomhordú is a fhorbairt, de réir mar a aontófar leis an mBainisteoir Stáisiún agus spleách ar bhuiséad a bheith ar fáil dóibh.

Cáilíochtaí Riachtanacha:

- Bunchéim onóracha tríú leibhéal, ar a laghad, i réimse a bhaineann go sonrach leis an bpost (i.e. Iriseoireacht trí Ghaeilge; An Ghaeilge; Staidéar ar na Meáin; srl.)
- Gaeilge scríofa agus labhartha d'ardchaighdeán
- Tuiscint ar mheán an raidió, na meáin Ghaeilge trí chéile agus ar éiteas an raidió pobail
- Scileanna láidre taighde, léiriúcháin agus láithreoireachta raidió
- Scileanna láidre idirphearsanta, a chuirfidh ar chumas an iarrthóra bheith ag comhordú láithreoirí phríomhchlár chainte & chúrsaí reatha RnaL; ag déanamh teagmháil laethúil le haíonna, agus bheith mar chuid d'fhoireann stáisiún raidió pobail ina bhfuil rannpháirtíocht dhaoine éagsúla ón bpobal lánach ina fheidhmiú laethúil

Tréithe Inmhianaithe:

- Tuiscint mhaith ar rialúcháin chraolacháin, cóid agus caighdeán an BAI
- Taithí ag obair in earnáil an chraolacháin (mar fhostaí nó saorálaí)
- Cur amach ar threallamh craolacháin & taifeadta a úsáid (i.e. meascóir/deasc fuaime; taifeadáin soghluaiste, srl.) agus ar bhogearraí taifeadta agus eagarthóireachta fuaime (Adobe Audition, Protools, srl.)

Dualgais an Phoist :

- **Ardchaighdeán a chinntiú ar chlár chainte Raidió na Life**, trí thaighde agus léiriú ar na príomhchlár chainte de réir riachtanais an sceidil; taighdeoirí agus craoltóirí deonacha na gclár cainte a oiliúint, agus aon chomhairle agus cúnamh eile gur féidir a chur ar fáil.
- Clár cainte laethúil uair a chloig ar fhad a ullmhú agus a láithriú Luan – Aoine. Beidh céatadán nach ísle ná 80% de chaint sa chlár seo.
- Irischlár chainte agus clár chúrsaí reatha eile a léiriú i rith na seachtaine. Aontófar iad seo leis an mBainisteoir Stáisiúin agus beifear ag súil le solúbthacht maidir leis na clár a iarrfar ort a léiriú. D'fhéadfaidís seo athrú ar bhonn rialta de réir nádúr na craoltóireachta deonaigh sa stáisiún agus athruithe rialta a thagann ar an sceideal dá réir.
- An t-ollchlár *Scoth na Seachtaine* a chur le chéile gach seachtain, bunaithe ar bhuaicphointí na gclár cainte a craoladh an tseachtain sin.
- Eolas rialta a chur ar na meáin shóisialta mar gheall ar chlár; míreanna; nuacht RnaL, srl.
- Míreanna & clár a uaslódáil mar chomhaid fuaimne ar ardáin ar líne (Soundcloud srl.)
- Maoirsiú agus comhordú ar scoláirí idirbhliana ar thaithí oibre le Raidió na Life.
- Bunachar sonraí teagmhálaithe agus agallaithe a choimeád suas chun dáta agus a neartú.
- Riarachán & Cúnamh don mBainisteoir de réir mar is gá.
- Oibriú ó am go chéile ar shuíomh gréasáin an stáisiúin (ag nua-shonrú scéalta nuachta, eolas faoi chlár & láithreoirí srl). Bheadh taithí éigin ar chórais bhainistíochta inneachair (WordPress srl.) ina bhuntáiste, ach níl riachtanach.

Coinníollacha:

- Post lánaimseartha ar chonradh bliana atá sa phost seo. Tá féidearthacht ann go gcuirfí leis an tréimhse fostaíochta, ag brath ar mhaoiniú agus ar fheidhmíocht sásúil.
- Ceapfar an Clár Reachtaire ar ghrád **Oifigeach Feidhmiúcháin Gnáthscála** de réir Chiorclán 22/2017 na stáitseirbhíse in Éirinn nó pé ciorclán níos déanaí ná sin a bheidh i bhfeidhm nuair a dhéanfar an ceapachán. Ceapfar an duine ar Phointe 1 den scála. Is faoi dhiscreid an Bhoird Stiúrtha aon incrimint a chur leis an dtuarastal seo amach anseo.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre Raidió na Life.

Conas iarratas a dhéanamh:

Seoltar litir iarratais mar aon le CV chuig bainisteoir@raidionalife.ie faoin Luan 29 Aibreán 2019.

Is fostóir comhionannas deiseanna é Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta.



Foras na Gaeilge